Focal id' Chluais.

A word in your ear. Bealtaine'09.

Lá Fhéile St. Joan of Arc: An 30ú lá de Mhí Bealtaine.

Rugadh Joan i 1412. D'fhás sí suas i sráidbhaile beag i ndeisceart na Fraince ar a dtugtar Domremy. Feirmeoir ab ea a hathair, Jacques. Bean séimh agus ceanúileach ab ea a máthair. D'fhoghlaim Joan a lán rudaí praiticiúla uaithi. Faoi mar a dúirt sí uair amháin "is féidir liom fuáil agus olann a sníomh chomh maith le haon bhean eile". Bhí sí i gcónaí ag paidreoireacht go háirithe ag scrínte na Maighdine Beannaithe. Bhí an cailín tuathánach macánta seo le bheith ina banlaoch. Lá amháin nuair a bhí sí ag tabhairt aire dos na caoirigh chuala sí Naomh Micheál an tArdaingeal ag rá léi an Fhrainc a shábháil. Ar feadh trí bliana chuala sí na Naoimh ag glaoch uirthi. Nuair a bhí sí sé bhliana déag d'aois thosnaigh sí a misean.

Ag an am san bhí cogadh ar siúl idir an Fhrainc agus Sasana "Cogadh Chéad Bliain". Bhí Sasana tar éis an oiread san talamh a thógaint ón bhFrainc go raibh an rí Sasanach ag glaoch rí na Fraince ar féin chomh maith. Bhí fíor-rí na Fraince lag agus cheap sé nach mbeadh na hairm Fhrancacha ábalta an tír a shábháil.

Le cead ón rí, threoraigh St. Joan of Arc arm isteach i gcathair Orleans a bhí beagnach gafa ag na Sasanaigh. Lena harmúr snasta bán mharcaigh an banlaoch óg seo lena brat os a cionn ar a bhí ainmneacha Íosa agus Muire scríofa. Buaileadh le saighead í ach lean sí ag spreagadh na fir go buachan. Ag a deireadh bhuadar. Bhuadar cogadh í ndiaidh cogadh agus bhí ar na hairm Shasanacha cúlú.

Thosnaigh tréimhse fulaingte do St. Joan tar éis dóibh na cogaí a bhua. Ghabh na Sasanaigh í. Níor dhein an rí míbhuíoch aon iarracht í a shábháil. Cuireadh i bpríosún í agus tar éis triail mhíchothrom dódh í . Ní raibh sí fós fiche bliain d'aois. Bhí sí scanraithe i gcónaí le tine ach bhí sí cróga ag a bás ar an 29ú lá de Bhealtaine 1431. Sé an focal deireanach a dúirt sí ná Íosa. Ceithre chéad agus ochtó naoi bliain ina dhiaidh sin ar an 16ú lá de Bhealtaine 1920 d'fhógair an Pápa Benedict XV go raibh sí ina Naomh.

Scéim na dTithe Níos Teo.

Faoin gclár seo, tá cabhar le haghaidh na nithe seo a leanas, ina measc:

- **Insliú áiléir,**
- **Insliú cuasbhalla,**
- **Seicéad Faláithe Sorcóir Uisce Te agus Falú Piobáin,**
- **Bolgán Solais isealfhuinnimh,**
- **Comhairle Fhuinnimh.**

Tá rataí fóirdheonaithe ar fáil agus tugtar tús áite do dhuine atá ag fáil Iocaíochtaí Leasa Sóisialaigh. Tá an clár seo á reachtáil ag Comhpháirtiocht Forbartha Iarthar Chorcaí, agus tá MFG Meitheal Mhúscraí ag tógaint ainmeacha ós na daoine go bhfuil súim acu ann. Cuir ghlaoch ar 026 – 45661 chun tuilleadh eolas a fháil.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. muscrai@eircom.net

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil anois ceithre lá ag 12.30in.
Luan, Máirt, Céadaoin, agus Aoine.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Mary/Eileen ag 026-40999.
Cosliacht, Máirt 19ú Bealtaine le coinne.
Beidh na daltaí a dhein ealaín i gCois Cille i mbliana agus anuraidh ag taispeáint a gcuid oibre ar an Máirt an **19ú** lá ó 2:30 go dtí 5in. Beidh taispeántas ealaíne le Pauline Dodds agus beidh sólaistí ar fáil. Fáilte roimh cách.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Shiobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Déardaoin **21ú** Bealtaine,
087 6579894 le haghaidh coinne.
Beidh na daltaí a dhein ealaín i gCuan Barra i mbliana agus anuraidh ag taispeáint a gcuid oibre ar an Luan an **18ú** lá ó 2 go dtí 4in. Beidh taispeántas ealaíne le Pauline Dodds agus beidh sólaistí ar fáil. Fáilte roimh cách.
An Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in. Cártaí gach Déardaoin ag 9.00 a chlog.

Scéim Tacaíochta Pobail Do Sheanóirí.

Is oth le Pobal ar Aire nach féidir leo glacadh le haon iarratais i láthair na huaire.

Dúcheist Tapaigh.

San lúbra seo tá 3 slí isteach, níl ach slí ceart amháin amach. Cé acu an ceann ceart. 1,2 nó 3?



Slí Amach.

A Mhuire Na nGrás.

A Mhuire na nGrás,
A Mháthair Mhic Dé,
Go gcuire tú
Ar mo leas mé.

Go sábhála tú mé
Ar gach uile olc,
Go sábhála tú mé
Idir anam is chorp.

Go sábhála tú mé
Ar muir is ar tír,
Go sábhála tú mé
Ar leac na bpian.

Garda na n-aingeal
Os mo chionn –
Dia romham,
Agus Dia liom.

Scoraíocht an Déardaoin.

Déardaoin 21ú lá ag 2.30in.
Beidh an scoraíocht do Mhí Bealtaine san **Ionad Cultúrtha i mBaile Mhúirne** le Ger Wolfe leis an saothar nua a chum sé mar Amhránaí Cónaitheach. Chomh maith leis sin beidh taispeántas 'Tacaois' le healaín na nAosach. Chun taisteal a fháil cuir glaoch ar 026 – 45661.

Féile Bealtaine.

Tá cuireadh cineálta faighte againn ó Club Seanóirí Mhaigh Chromtha teacht cuig: Tráthnóna Sóisialta ar an **27ú** lá den mhí seo. Ceol, canadh agus sólaistí. Beidh an Luas agus an Bus Dearg ag dul ann. Chun d' áit a chuir in áireamh cuir ghlaoch ar 026 – 45661.

Imeachtaí atá ag teacht suas

I rith an tsamhraidh beidh scoraíocht san Páirc Náisiúnta i Sráid a Mhuileann, turas go Cionn tSáile agus Iarthar Chorcaí agus beidh Oíche na gCon freisin. Beidh an t-eolas go léir ins an Focal id' Chluais an Mí seo chugainn.

Cleas Inchinne. Níl aon meáchain inti, is féidir é a fheiceáil agus má chuireann tú i mbairille é íslíonn sé meáchain an bhairille. Cad é?